

# ❖ An Lúibín ❖

20 Meitheamh 2010

## **Localbooks.ie**

*A new world-wide distributor of books on Ireland's local history.*

Tá Localbooks.ie ar an bhfód: suíomh dátheangach a chuireann ar do chumas teacht a fháil ar leabhair áitiúla atá scríofa i mBéarla nó i nGaeilge i dtaobh stair áitiúil in Éirinn agus i gcéin. Bard na nGleann (gnólacht de chuid Thomáis Mhic Ghearrailt, fiontraí) a bhunaigh é, agus d'eascair sé ó shuirbhé a rinneadh ar chustaiméirí Litríocht.com, seirbhís díolacháin leabhar. Dúirt 66% acu gurbh é an rud áitiúil a bhí uathu, agus tá sin faighte anois acu: [www.localbooks.ie](http://www.localbooks.ie).

Is é atá ón nGearaltach 'nasc idir Diaspóra na hÉireann agus ceantair áitiúla in Éirinn,' agus ní hé an Diaspóra amháin atá i gceist, b'fhéidir, ó tá tarraingt ar Litríocht.com ó bhreis is sé thír is trí fichid, más fíor don té a dúirt é. Is deacair teacht ar stair do shráide i siopa sráide eile, agus sin an buntáiste atá ag Localbooks.ie. Buntáiste eile is ea an oiread sin de na leabhair a bheith i mBéarla, rud a mheallfadh breis léitheoirí. Beidh gloch ag lucht an tsuímh nua freisin ar chuimhne an deoraí ar an áit a d'fhág sé.

Níl sé chomh furasta sin i gcónaí teorainn a tharraingt idir scéal ceantair agus scéal tíre, rud is léir óna bhfuil ar fáil. Ach má chuireann Localbooks.ie cuid bheag féin le fáil den saibhreas atá ann, beidh déithe na staire buíoch de.



## **An Mòd**

*This year Caithness in Scotland's north will host the greatest Gaelic festival.*

Uaireanta tá airgead le baint as an nGàidhlig, go háirithe má tá an Mòd Náisiúnta Ríoga (Oireachtas na hAlban) ag teacht i do threo. Bheadh baint aige sin leis an bhfónn atá ar shiopadóirí i nGallaibh (*Caithness*) an cúpla focal a fhoghlaim. I Mí Dheireadh Fómhair a bheidh an ócáid ar siúl ann (téann sé ó áit go háit de réir na bliana) agus tá ranganna le cur ar bun. Is fiú an saothar é, agus na táinte ag teacht le chéile ar son na gcomórtas. Iad ag ól agus ag ithe agus ag spré an óir.

In oirthuaisceart na tíre atá Gallaibh. Is fada Gàidhlig á labhairt ann, agus maireann an teanga thiar, cé gur beag cainteoir dúchais atá anois ann. Tháinig na Lochlannaigh (na 'Gaill') i dtír fadó, agus astu a baisteadh an ceantar. Páirceanna, ruaiteach agus portaigh is mó atá ann, agus sratha ina measc. Dídean éiceolaíoch atá ann agus a lán éan le fáil ann nach bhfeicfeá in áiteanna eile.

An Comunn Gàidhealach (a bunaíodh sa bhliain 1891) is mó a choinníonn an Mòd ar siúl, agus na haidhmeanna céanna aige is atá ag Conradh na Gaeilge – ceol, labhairt agus litríocht na teanga a chur chun cinn ar fud na tíre. Ní bheidh easpa spóirt ar an ócáid – céilithe, comórtais, craic agus imeachtaí áitiúla. Beidh an Mòd ar siúl idir 8/10/10 agus 16/10/10.

*Suímh:*

\*<http://www.caithnessmod2010.co.uk/>

\*<http://www.acgmod.org/index.php/ga>



## **Bua lán-Ghaeilge**

*Irish-medium schools in Northern Ireland demonstrate again the advantages of bilingual education.*

Scéala nach scéala é, ar shlí: tá ag éirí níos fearr le daltaí i scoileanna lán-Ghaeilge ná le daltaí ón aicme chéanna i scoileanna lán-Bhéarla, de réir taighde a rinne an Roinn Oideachais i dTuaisceart Éireann. Matamaitic agus Béarla atá i gceist. (Is gearr ó dúirt na cigirí nach raibh caighdeán na scoileanna lán-Ghaeilge sásúil, ach dealraíonn sé gur fuasclaíodh na fadhbanna tamall ó shin.)

Thaispeáin taighde eile in Ollscoil na Banríona gur fearr an chuimhne ghearrthréimhseach agus an chuimhne oibre atá ag na Gaeilgeoirí óga úd, rud a théann ar sochar dóibh agus iad ag foghlaim léitheoireachta, réasúnaíochta agus áireamh béil.

Deirtear gurb é an dátheangachas is cionsiocair leis, toisc go gcuireann sé le seiftiúlacht aigne. Ach buntáiste é nach bhfuil ag baint ach leis an mbeagán, cé go bhfuil méadú ag teacht ar an méid bunscoileanna lán-Ghaeilge sa Tuaisceart le roinnt blianta anuas: tá os cionn tríocha ceann acu anois ann agus beagnach 3,000 dalta ag freastal orthu.



## **Moltaí an Chonartha**

*Compulsory Irish is in crisis because of a rigid syllabus and inadequate teacher training. The Gaelic League proposes basic reforms.*

Tá Conradh na Gaeilge míshásta (arís) leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Deir an Conradh nach bhfuil an Roinn ag dul i ngleic leis na fadhbanna a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Gaeilge sna gnáthscoileanna. Tuigeann an Conradh, gan dabht, nach féidir Gaeilge éigeantach a chosaint a thuilleadh mura ndéantar athrú ó bhonn ar theagasc na teanga. Tá na mílte dalrta ag seachaint na Gaeilge, agus teipeann ar fhormhór na ndaltaí eile máistreacht ar bith a fháil uirthi, fiú tar éis gabháil di ar feadh ceithre bliana déag.

Fáiltítear roimh an mbéim a cuireadh ar an scrúdú béil le déanaí, ach deir an Conradh nach leor sin. Éilítear:

- Go múiní gach ábhar oide trí Ghaeilge ar feadh tréimhse bliana acadúla le linn a gcúrsa oiliúna. Is féidir an tréimhse a roinnt ina codanna tríd an gcúrsa, rud a thosnódh sa chéad chúpla seachtain. Ba chóir freisin faille a thabhairt do na mic léinn ar an gcúrsa iomlán a dhéanamh trí Ghaeilge.
- Go múiní ábhar eile trí Ghaeilge do gach dalta bunscoile, agus é a dhéanamh mar thriail ar dtús leis an tacaíocht is gá.
- Go soláthrófaí dhá shiollabas don Ghaeilge ag an dara leibhéal le dhá pháipéar scrúdaithe ar leith don Ardteist agus don Teastas Sóisearach. *Teanga na Gaeilge* a mhúiní do gach dalta, agus bheadh *Litríocht na Gaeilge* le déanamh ag gach dalta ardleibhéil.

Deir an Conradh go bhfuil feabhas tagtha ar an scéal le blianta beaga anuas. Mar sin féin, ní éiríonn leis na gnáthscoileanna (a bhfuil 90% de scoláirí na tíre ag freastal orthu) ach fíorbheagán cainteoirí líofa Gaeilge a sholáthar, is minic an siollabas ina chrá croí ag scoláirí, ag tuismitheoirí agus ag múinteoirí.

Deir an Conradh go bhfuil na moltaí seo de réir na modhanna teagaisc is fearr ar fud na cruinne, agus go bhféadfaí iad a chur i bhfeidhm de réir a chéile ar feadh réim an chéad rialtais eile. Sealbhaítear teagacha le húsáid agus le cleachtadh. Ní bhíonn ráth ar mhodhanna eile.



## Na hÉireannaigh san Airgintín

*In the 19th century the Irish migrated in their thousands to Argentina, the only Irish destination where English was not the official language. They settled on the pampas and in the cities, some prospering, others in poverty, and all gradually assimilating. Most were English speakers from the midlands, and English was essential to Irish identity in Argentina, though Irish had a marginal presence, which it retains.*

Sa 19ú haois bhain idir 40,000 agus 45,000 Éireannach amach an Airgintín. Níor fhan siad go léir ann: 20,000 duine, b'fhéidir, agus an chuid eile ag tabhairt a n-aghaidhe arís ar thíortha eile – ar Éirinn féin, ar Mheiriceá Thuaidh, ar an Astráil agus eile. An chuid a d'fhan san Airgintín, bhí mórán acu gan sliocht (idir 10,000 agus 15,000, b'fhéidir) nó scoite amach ar fad ó Éireannaigh eile. D'fhág sin nach raibh ach idir 4,000 agus 5,000 duine ann a sholáthródh bunús pobail Éireannaigh ann.

Béarlóirí is mó a bhí i gceist agus a bhformhór ó lár na hÉireann. Ó Chontae na hIarmhí a tháinig 43.35% de na himircigh, más fíor; tháinig 14.57% eile ó Chontae an Longfoirt agus 15.51% ó Chontae Loch Garman. An chlann is óige d'fheirmeoirí láidre a d'imigh de ghnáth, agus ní gan pingíní ina bpóca é, cé gurbh fhéidir le haoirí oilte costas a bpsáiste a fháil ó fheirmeoirí caorach san Airgintín – Éireannaigh rathúla. Baile Átha Luain, Meathas Troim, an Muileann gCearr agus Cill Bheagáin a bhí ar imeall limistéir sin na hinimirce, agus an Baile Mór ina lár. Sna 1860í chuaigh beagnach gach duine ó cheantar an Bhaile Mhóir chun Buenos Aires, agus is é an t-ainm a thugtaí ar an mBaile Mór 'an sráidbhaile a bhfuil bearna ina lár,' toisc gan aon tithe a bheith fágtha i lár na háite tar éis do na daoine dul chun na hAirgintíne.

Ba dhóigh leis na himircigh go mbeidís saor ó fhiacha agus óna gcuid seandualgas san Airgintín. Ach b'éigean ullmhú ceart a dhéanamh, rud nárbh fhurasta. Thabharfadh daoine gustalacha truncanna agus boscaí leo, agus ní bheadh ag na bochtáin ach málaí. Baineadh an-fheidhm as an gCanáil Ríoga chun imircigh a thabhairt soir nó gur tháinig an t-iarnród: bhain sé sin amach an Muileann gCearr sa bhliain 1848, agus faoin mbliain 1852 bhí Baile Átha Luain sroichte aige. Cheannaigh an *Midland Great Western Railway Company* (MGWR) an Chanáil sa bhliain 1848 agus é de cheangal ar an gcomhlacht úsáid a bhaint aisti, ach b'fhearr le daoine an traen. Thugadh cóistí Bianconi daoine ón tuath go dtí an Longfort, an Muileann gCearr agus Baile Átha Luain sna 1840í, agus anuas go dtí na 1850í thugadh cóistí nach raibh chomh mór sin chun Baile Átha Cliath iad. Cheannódh formhór na n-imirceach a dticéad i mBaile Uí Mhatháin, sa Mhuileann gCearr nó i Loch Garman.

D'imigh a bhformhór mór ó Learpholl idir na 1840í agus na 1880í toisc gur ann a bhí na longa agus an lóistín. Chuaigh cuid acu go díreach chun Rio de Janeiro, Montevideo agus Buenos Aires, ach is dócha go ndeachaidh a lán acu chun Meiriceá ar dtús agus go dtí an Airgintín ina dhiaidh sin. B'éigean duit a bheith san airdeall i Learpholl: bhí gadaithe agus caimiléirí ann, agus uaireanta mealladh mná chun dul ag obair sna drúthlanna. B'éigean déileáil le bróicéirí loinge, le lucht cam lóistín, le brabúsaithe; agus b'éigean dul faoi scrúdú dochtúra, rud a dhéanadh na dóchtúirí faoi dheifir – ní raibh a ndóthain acu ann agus bhí na himircigh ag teacht ina dtáinte.

Na longa a chuaigh ó Learpholl go dtí Abhainn an Airgid (Río de la Plata) ba den chéad ghrád nó den dara grád iad, murab ionann is na *coffin ships*, soithigh a bhí lofa go leor. Thugadh na longa litreacha agus lasta leo in éineacht le himircigh, agus ba mhinic na hÉireannaigh sáite síos sa stíris. Bhí an bia agus an t-uisce go dona, bhí easpa slí agus sláinteachais ar dhaoine, agus ar éigean a bhí leigheas le fáil. Ba shalach iad na clúideanna cónaithe agus níor ligeadh an t-aer isteach, rud a thug ar phaisinéirí fanacht ar deic chomh fada agus ab fhéidir. Ba ghnách do na longa móra ba, caoirigh, gabhair, muca agus cearca a thabhairt leo, agus chuirfeadh a nglór agus a mbréan as do na paisinéirí. Níor lia braon sa mhuir ná na míolta agus baol ann i gcónaí go dtabharfaidís an tíofas leo. B'fhada an turas é (timpeall trí mhí agus gach rud san áireamh) agus ba dheacair an atuirse a shárú.

Idir na blianta 1851 agus 1889 tháinig feabhas ar na longa seoil agus iad déanta anois d'iarann agus de chruach; ansin tháinig na galtáin, rud a d'fhág nach raibh le déanamh ach taisteal tríocha lá. D'ainneoin ar tháinig d'fheabhas ar na longa, bhí saol na n-imirceach bocht ainnis go leor chomh déanach leis na 1880í. Is beag aird a tugadh ar shláinte na bpaisinéirí agus d'fhaigheadh daoine bás.

Faoi na 1850í bhí neart ban ag teacht, iad ag cur fúthu i mBuenos Aires ar dtús, ag pósadh Éireannach agus ag dul amach faoin tuath. Anuas go dtí na 1870í ní raibh séipéil ná scoileanna ag an bpobal tuaithe úd, agus is annamh a thagaidís le chéile ach amháin i gcomhair bainisí, tórramh agus bhearradh na gcaorach. Ba leathan é an machaire, agus na hÉireannaigh ina bpobal ar leith ann, gan aon chaidreamh mór acu ar na hIndiaigh ná ar na leath-Indiaigh. (As an dara dream a fáisceadh na *gauchos*.)

D'éirigh le cuid de na hÉireannaigh tailte móra a fháil dóibh féin agus *estancieros* a dhéanamh díobh féin. D'fhan a lán Éireannach eile sna cathracha agus sna bailte móra, agus bhí pobal Éireannach i mBuenos Aires, idir shaibhir agus dhaibhir.

Bhí laghdú mór tagtha ar an imirce faoi thús an 20% haois, agus drochscéal amháin go háirithe ba chúis leis. Sa bhliain 1889 shroich an *City of Dresden*, galtán, Buenos Aires, 1,772 paisinéir bocht ar bord aici agus an scéal go hainnis acu. As Baile Átha Cliath, as Corcaigh agus as Luimneach dá bhformhór, agus ní bheidís ann murar áitíodh orthu iad féin a fhódú i dtír na meala. An bás nó an ainnise a bhí i ndán do mhórán acu, agus lena chois sin tháinig meath tráchtála na nóchaidí sa mhullach ar an tír. Tháinig méadú ar líon na n-imirceach arís i bhfichidí an 20ú haois agus a lán daoine oilte ina measc, ach tháinig deireadh leis sin sa bhliain 1929. Timpeall an ama seo thosaigh na grásaeirí Gael-Airgintíneacha ag fostú inimirceach ó thíortha eile: bhí eallach agus cruithneacht ag teacht in ionad na gcaorach. Sna cathracha bhí na hÉireannaigh á dtarraingt isteach sa phobal mór.

### *An Ghaeilge san Airgintín*

Béarlóirí, mar a dúradh cheana, is mó a bhí le fáil i lár na hÉireann, ach bhí roinnt cainteoirí Gaeilge ann freisin, agus is cosúil gur bhain cuid acu amach an Airgintín. Tá eolas ar staid na Gaeilge ann le fáil ó na daonáirimh ach ní mór a bheith san airdeall, ó admhaítear gur mhó an líon cainteoirí i gcoitinne ná mar a mar a léiríonn na figiúirí oifigiúla.<sup>1</sup> Taispeántar céatadán na gcainteoirí i gContae na hIarmhí mar a leanas: 17% sa tréimhse 1831-41, 12% sa tréimhse 1841-51, agus 8% sa tréimhse 1851-61. B'fhiú cúpla pointe ar a laghad a chur leis na figiúirí sin.

Ag seo na ceantair is mó a sholáthair imircigh don Airgintín agus na céatadán Ghaeilge a bhaineann leo de réir barúntachtaí. Tá figiúirí 'ceartaithe' idir braicéid, cé gur dócha gur fomheastachán iad.

<i>An Iarmhí</i>					
Ceantar	Barúntacht	Céatadán de réir barúntachta (le ceartú)			
		1821-31	1831-41	1841-51	1851-61
Muilte Fearannáin	Corca Raoi	1% (3%)	0% (2%)	0% (2%)	0% (2%)
Maigh Mhórdha	Ráth Conarta	1% (3%)	0% (2%)	0% (2%)	0% (2%)
An Baile Mór	Ráth Conarta	1% (3%)	0% (2%)	0% (2%)	0% (2%)
Droim Raithne	Cill Chainnigh Thiar	0% (2%)	0% (2%)	0% (2%)	0% (2%)
<i>An Longfort</i>					
Ceantar	Barúntacht	Céatadán de réir barúntachta (le ceartú)			
		1821-31	1831-41	1841-51	1851-61
Baile Uí Mhatháin	Ráth Claon	1% (3%)	1% (3%)	0% (2%)	0% (2%)
Mainistir Shruthla	Sruthail	2% (4%)	1% (3%)	1% (2%)	1% (3%)
Meathas Troim	Ardach	1% (3%)	1% (3%)	1% (3%)	1% (3%)

<sup>1</sup> Féach Fitzgerald, Garret, 'Estimates for baronies of minimal level of Irish-speaking amongst successive decennial cohorts, 117-1781 to 1861-1871,' lgh.153-4, Volume 84, *Proceedings of the Royal Irish Academy*. Royal Irish Academy, Dublin. I bhfianaise na Suirbhéanna Staitisticiúla a rinneadh go luath sa 19ú haois, tuairimí daoine oilte ag an am, agus lochtanna soiléire na bhfigiúirí daonáirimh, deir sé gurbh fhiú na figiúirí úd a mhéadú.

*Bailte móra ar imeall an limistéir imirce*

Ceantar	Barúntacht	Céatadán de réir barúntachta (le ceartú)			
		1821-31	1831-41	1841-51	1851-61
An Baile Mór	Ráth Conarta	1% (3%)	0% (2%)	0% (2%)	0% (2%)
Baile Átha Luain	Breámhaine	5% (7%)	6% (8%)	3% (5%)	1% (3%)
An Muileann gCearr	Maigh Asail agus Machaire Ó dTiarnáin	1% (3%)	2% (4%)	1% (3%)	1% (3%)
Cill Bheagáin	Maigh Chaisil	0% (2%)	1% (3%)	0% (2%)	0% (2%)

Is dócha gur daoine a bhí sáite i gcúrsaí náisiúnachais in Éirinn is mó a chuir suim sa teanga san Airgintín. Bhí daoine eile ann (sagairt, abair) a thug Gaeilge leo as broinn ach nach raibh suim acu i gcaomhnu agus i saothrú na teanga.

Náisiúnaí Éireannach ba William Bulfin, agus údar gearrscéalta agus leabhair thaistil. Ba é eagarthóir an *Southern Cross*, nuachtán Gael-Airgintíneach, é agus chuir sé an Ghaeilge chun cinn le fonn. Ba é Éamon (1892-1968) an mac ba shine aige, agus nuair a d'fhill an teaghlach ar Éirinn chuaigh Éamon ar scoil i Naomh Enda faoin bPíarsach. Bhí sé ina chúntóir ag an bPíarsach roimh an Éirí Amach, agus ní thiofadh sé slán ón gcúirt mhíleata ina dhiaidh murach a phas Airgintíneach. Cheap de Valera mar an gcéad ionadaí Éireannach san Airgintín é, cé gur fhill sé ar Éirinn faoi dheireadh. Ní gá a rá go raibh Gaeilge ar a thoil aige. Gníomhaí eile ba ea Pádraig Mac Maghnuis (1864-1929), fear a rugadh i dTamhnach an tSalainn i gContae Dhún na nGall. Dhéanfadh sin cainteoir dúchais de, agus eisean a bhunaigh craobh de Chonradh na Gaeilge i mBuenos Aires. Deirfiúr le bean chéile William Bulfin (Ann) ba ea Elsa, a bhean chéile, agus bhí ainmneacha fíor-Ghaelacha ar a gclann – Niall, Conor agus Cormac. Bhunaigh sé an iris phoblachtach *Fianna* i mBuenos Aires sa bhliain 1912, iris a thuill moladh an Phiarsaigh féin. D'fhill sé féin agus a bhean chéile ar Éirinn faoi dheireadh.

Rugadh eaglaiseach nótaí, Antaine Ó Fathaigh (1805-1871), i mBaile Locha Riach i gContae na Gaillimhe, rud a d'fhágfadh gur chainteoir dúchais é. Chuaigh sé sna Doimínigh, agus tar éis dó seal a thabhairt sa Róimh agus sna Stáit chuaigh sé ag obair san Airgintín. Ba mhínic amuigh faoin tuath é i bparóiste ba leithne ná Éire féin, agus an-mheas ag a phobal féin air. Bhailigh sé airgead sna 1840í do dhaoine a bhí ag fulaingt an Drochshaoil. Cheap sé dáréag sagart i gceantair de chúige Buenos Aires agus d'íoc as a gcuid staidéir i mBaile Átha Cliath, ach d'ainneoin a ndearna sé de mhaitheas, d'fhéadfadh sé a bheith conspóideach agus cruá. Níl aon fhianaise ann go raibh air úsáid a bhaint as an nGaeilge riamh. Sagart eile, an tAthair Pádraig Diolún (1842-1889), a bhunaigh *The Southern Cross*, nuachtán Béarla do na hÉireannaigh. Ní dóichí rud ná go raibh Gaeilge ó dhúchas aige, ó rugadh é i dTuaim i gContae na Gaillimhe. Sagart polaitiúil ba ea é, agus lé aige le lucht an ghustail. Bhí baint aige le scéim inimirce an *Dresden*, scéal a d'fhág smál ar a chlú. Pé Gaeilge a bhí aige, ní cosúil gur rith sé riamh leis gurbh fhiú í a shaothrú.

B'fhurasta don Ghaeilge imeacht ina ceo de réir mar a bhí na hÉireannaigh á nascadh le saol nua. Tógaimis Bartolomé Carmody (1877-1961) mar shampla i measc na scórtha, duine den scothaicme agus feirmeoir caorach den scoth. B'as iarthar Chontae an Chláir dá mháthair agus dá athair, rud a d'fhágfadh Gaeilge acu, cé nach dócha go raibh suim ar bith ag Bartolomé sa teanga. Phós sé bean darbh ainm Enriqueta Gilligan – rud a thabharfadh le fios go raibh meas aige air fein mar Ghael-Airgintíneach. Mar sin féin, ní fheicfeá a leithéidí i seomraí Chonradh na Gaeilge ná baol air.

*An scéal faoi láthair*

An chraobh den Chonradh a bhunaigh Pádraig Mac Maghnuis, mhair sé scór blianta nó mar sin. Níor tháinig a leithéid eile ina háit, agus na hÉireannaigh nó a gclann ag gabháil bóthar eile faoin am sin. Le saol an Bhéarla is mó a samhlaíodh iad, agus, le himeacht aimsire, le saol na Spáinnise: iad ag iarraidh féiniúlachtaí difriúla a chur i gcothrom – *ingleses, irlandeses, argentinos*.

An borradh beag atá ag teacht faoin nGaeilge san Astráil agus i Meiriceá Thuaidh le tríocha bliain anuas, ar éigean atá sé le feiceáil san Airgintín. Rachadh sé rite leat teacht ar ghrúpaí comhrá Gaeilge san Airgintín, fiú i mBuenos Aires – féach <http://irish.meetup.com/cities/ar/>. Os a choinne sin, tá bannaí Gaelacha sa tír agus suim ina gcuid ceoil.

Tá *The Southern Cross* á fhoilsiú fós: <http://www.tsc.com.ar/>. Páipéar Spáinnise anois é agus beagán Béarla ann, ach tá sé dílis fós don Éireannachas. Ní raibh Gaeilge le fáil riamh ann go bhfios dúinn, ach ní fada ó bhí agallamh suimiúil ann ('A la comunidad irlandesa le falta más cohesión') le Fernando (Ferry) O'Killian, gníomhaí teanga, dearthóir Ceilteach agus fear bodhráin a mhúineann an Ghaeilge i mBuenos Aires.

(An té a bhfuil Spáinnis aige féachadh sé ar <http://www.temperleyweb.com.ar/celta/killian.htm>, suíomh a bhfaighidh sé cur síos ar an bhfear agus ar a obair.)

*Foinsí:*

'19<sup>th</sup> Century Irish Emigration to Argentina,' léacht a thug an tOllamh David Barnwell ón Roinn Spáinnise agus Portaingéilise in Ollscoil Columbia, Nua Eabhrac, ag Seimineár Léinn Éireannaigh Ollscoil Columbia (gan dáta): *Irish Migration Studies in Latin America*, <http://www.irlandeses.org/argentina.pdf>.

'The Irish Road to South America: Nineteenth Century Travel Patterns from Ireland to the River Plate,' Edmundo Murray: *Irish Migration Studies in Latin America*, <http://www.irlandeses.org/road.htm>.

*Dictionary of Irish Latin American Biography*: Gonzalo Cané a chuir in eagar: *Irish Migration Studies in Latin America*, <http://www.irlandeses.org/bios1.htm>.

*List of Irish Settlers*: <http://www.irlandeses.org/settlers.htm>.

**Mura mian leat *An Lúibín* a fháil, cuir teachtaireacht dá réir chun [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) nó chun [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).**

*If you do not wish to receive this newsletter, please send an email accordingly to [rianach@bigpond.com](mailto:rianach@bigpond.com) or to [coling.ryan@ato.gov.au](mailto:coling.ryan@ato.gov.au).*

## Localbooks.ie

Tá suíomh<sup>2</sup> nua dátheangach, Localbooks.ie, ann anois. Is é an cuspóir<sup>3</sup> atá aige leabhair a dhiol a phléann stair áitiúil na hÉireann. D'eascair sé ó shuirbhé a rinneadh ar chustaiméirí suíomh díolacháin eile, Litríocht.com. Dúirt 66% de na custaiméirí gur leabhar staire áitiúla a bhí uathu, agus tá na leabhair sin le fáil anois ag [www.localbooks.ie](http://www.localbooks.ie).

Is deacair leabhair den saghas sin a fháil má tá tú i do chónaí in áit eile, agus sin an buntáiste atá ag Localbooks.ie. Is buntáiste eile é an oiread sin<sup>4</sup> de na leabhair a bheith i mBéarla.

## An Mòd

Tá an Mòd Náisiúnta Ríoga (Oireachtas na hAlban) le bheith<sup>5</sup> i nGallaibh (Caithness) i dtuaisceart na hAlban i mbliana. Tíocfaidh móran daoine agus tá cuid de na siopadóirí ag iarraidh<sup>6</sup> cúpla focal Gàidhlig a fhoghlaim. I Mí Dheireadh Fómhair a bheidh an ócáid ar siúl.<sup>7</sup>

Is fada Gàidhlig á labhairt i nGallaibh, cé gur beag cainteoir dúchais atá anois ann. Tháinig na Lochlannaigh (na 'Gaill') ann fadó, agus astu a baisteadh an ceantar.<sup>8</sup> Páirceanna, ruaiteach<sup>9</sup> agus portaigh is mó atá ann. Dídean éiceolaíoch<sup>10</sup> atá ann agus a lán éan le fáil ann nach bhfeicfeá in áiteanna eile.

An Comunn Gàidhealach (a bunaíodh sa bhliain 1891) is mó a choinníonn an Mòd ar siúl, agus na haidhmeanna céanna aige is atá ag Conradh na Gaeilge – ceol, labhairt agus litríocht na teanga a chur chun cinn<sup>11</sup> ar fud na tíre.

## Moltaí an Chonartha

Tá Conradh na Gaeilge míshásta leis an Roinn Oideachais agus Eolaíochta. Deir an Conradh nach bhfuil an Roinn ag dul i ngleic<sup>12</sup> leis na fadhbanna a bhaineann le múineadh agus foghlaim na Gaeilge sna gnáthscoileanna. Tá na mílte dalta ag seachaint na Gaeilge, agus teipeann ar<sup>13</sup> fhormhór na ndaltaí eile máistreacht ar bith a fháil uirthi.

Éilítear<sup>14</sup> go múinfí<sup>15</sup> gach ábhar oide trí Ghaeilge, agus go múinfí ábhar eile trí Ghaeilge do gach dalta bunscoile, agus go ndéanfaí athrú ar an siollabas.

Deir an Conradh go bhfuil na moltaí seo de réir na modhanna teagaisc is fearr agus nach mbíonn ráth ar mhodhanna eile.

## Na hÉireannaigh san Airgintín

Sa 19ú haois chuaigh idir 40,000 agus 45,000 Éireannach go dtí an Airgintín. Chuaigh timpeall 20,000 acu go dtí tíortha eile ina dhiaidh sin – Éire féin, Meiriceá Thuaidh, an Astráil agus mar sin de. Béarlóirí ó lár na hÉireann is mó a chuaigh ann. Ó Chontae na hIarmhí a tháinig 43.35% de na

---

<sup>2</sup> Suíomh - site

<sup>3</sup> Cuspóir - objective

<sup>4</sup> An oiread sin – so many

<sup>5</sup> Le bheith – to be

<sup>6</sup> Ag iarraidh - trying

<sup>7</sup> Ar siúl – in progress, happening

<sup>8</sup> Astu a baisteadh an ceantar – the area was given its name from them

<sup>9</sup> Ruaiteach – moorland

<sup>10</sup> Éiceolaíoch - ecological

<sup>11</sup> Cur chun cinn – to further, to advance (something)

<sup>12</sup> Dul i ngleic le – come to grips with

<sup>13</sup> Teipeann ar - fail

<sup>14</sup> Éilítear – it is demanded

<sup>15</sup> Go múinfí – that there should be taught

himircigh, agus clann feirmeoirí láidre a bhí iontu de ghnáth. Chuaigh mórán acu go dtí Learpholl ar dtús idir daichidí agus ochtóidí an naoú haois déag toisc go raibh an oiread sin long agus áiseanna<sup>16</sup> ann. B'éigean dul faoi scrúdú leighis, rud a dhéanadh na dóchtúirí faoi dheifir – ní raibh a ndóthain acu ann agus bhí an iomarca imirceach ag teacht.

Bhí an bia agus an t-uisce go dona ar bord na long, agus bhí daoine tinn go minic. B'fhada an turas é (timpeall trí mhí agus gach rud san áireamh). D'imigh na longa seoil de réir a chéile agus tháinig galtáin<sup>17</sup> ina n-ionad, ach bhí saol na n-imirceach dona go leor ar bord go fóill.

Faoi na caogaidí bhí mórán ban ag teacht. Phósaidís<sup>18</sup> Éireannaigh san Airgintín agus théidís amach faoin tuath. Ní raibh séipéil ná scoileanna ag na hÉireannaigh ar dtús amuigh faoin tuath, agus ní thagaidís le chéile<sup>19</sup> go minic. Bhí mórán Éireannach eile ina gcónaí i mBuenos Aires. Bhí cuid de na hÉireannaigh saibhir agus bhí cuid eile an-bhocht.

Bhí laghdú mór tagtha ar an imirce faoi thús an 20ú haois. Tháinig méadú ar an líon imirceach arís i bhfichidí an 20ú haois agus ach tháinig deireadh leis sin sa bhliain 1929

Bhí roinnt bheag roinnt cainteoirí Gaeilge i measc na nÉireannach. Ba iad na náisiúnaithe Éireannacha is mó a chuir suim sa teanga san Airgintín. Ina measc bhí Pádraig Mac Maghnúis (1864-1929), fear a rugadh i dTamhnach an tSalainn i gContae Dhún na nGall. Eisean a bhunaigh craobh de Chonradh na Gaeilge i mBuenos Aires. Mhair an chraobh sin scór blianta nó mar sin. Tá ranganna Gaeilge i mBuenos Aires fós.

---

<sup>16</sup> An oiread sin long agus áiseanna – so many ships and facilities

<sup>17</sup> Galtáin - steamships

<sup>18</sup> Phósaidís – they used to marry

<sup>19</sup> Ní thagaidís le chéile – they used not gather